Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6149/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0104 (COD)**

**VOTE 7**
**INF 29**
**PUBLIC 8**
**CODEC 198**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | – Toradh na vótála |
| | – RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta |
| | = Toradh an nós imeachta i scríbhinn a tugadh chun críche an 11 Feabhra 2021 |
| | = Glacadh an ghnímh reachtaigh |
| | = Formheas an dearbhaithe chomhpháirtigh |

Tá toradh na vótála maidir leis an ngníomh reachtach thuasluaite in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an nóta seo.

Doiciméad tagartha:

PE-CONS 75/20

dáta an chinnidh a rinne Coreper, Cuid 2, an Nós Imeachta i Scríbhinn a úsáid,

an 10.02.2021

Na ráitis agus na dearbhuithe agus/nó na míniúcháin a tugadh maidir leis an vótáil, tá siad in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an nóta seo.

# IARSCRÍBHINN I

General Secretariat of the Council

| | |
|---|---|
| Institution: | **Council of the European Union** |
| Session: | |
| Configuration: | |
| Item: | **2020/0104(COD)** (Document: **75/20**) |
| Voting Rule: | **qualified majority** |
| Subject: | Regulation of the European Parliament and of the Council establishing the Recovery and Resilience Facility |

| Vote | Members | | Population (%) |
|---|---|---|---|
| Yes | 27 | | 100% |
| No | 0 | | 0% |
| Abstain | 0 | | 0% |
| Not participating | 0 | | |
| Total | 27 | | |

Sitting date: **11/02/2021**

Final result

| Member State | Weighting | Vote | Member State | Weighting | Vote |
|---|---|---|---|---|---|
| **BELGIQUE/BELGIË** | 2,58 | Yes | **LIETUVA** | 0,62 | Yes |
| **БЪЛГАРИЯ** | 1,55 | Yes | **LUXEMBOURG** | 0,14 | Yes |
| **CESKÁ REPUBLIKA** | 2,35 | Yes | **MAGYARORSZÁG** | 2,18 | Yes |
| **DANMARK** | 1,30 | Yes | **MALTA** | 0,11 | Yes |
| **DEUTSCHLAND** | 18,54 | Yes | **NEDERLAND** | 3,91 | Yes |
| **EESTI** | 0,30 | Yes | **ÖSTERREICH** | 1,98 | Yes |
| **ÉIRE/IRELAND** | 1,11 | Yes | **POLSKA** | 8,47 | Yes |
| **ΕΛΛΆΔΑ** | 2,39 | Yes | **PORTUGAL** | 2,30 | Yes |
| **ESPAÑA** | 10,56 | Yes | **ROMÂNIA** | 4,31 | Yes |
| **FRANCE** | 14,97 | Yes | **SLOVENIJA** | 0,47 | Yes |
| **HRVATSKA** | 0,91 | Yes | **SLOVENSKO** | 1,22 | Yes |
| **ITALIA** | 13,58 | Yes | **SUOMI/FINLAND** | 1,23 | Yes |
| **ΚΎΠΡΟΣ** | 0,20 | Yes | **SVERIGE** | 2,30 | Yes |
| **LATVIJA** | 0,43 | Yes | | | |

** When acting on a proposal from the Commission or the High Representative, qualified majority is reached if at least 55 % of members vote in favour (15 MS) accounting for at least 65% of the population*

*For information: http://www.consilium.europa.eu/public-vote*

## DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA, ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE CEANGLAIS TUAIRISCITHE A BHUNÚ CHUN EISIÚINT BANNAÍ A RANNCHUIDÍONN LE CUSPÓIRÍ COMHSHAOIL DO NEXTGENERATIONEU A CHUMASÚ

Meabhraítear don Choimisiún uaillmhian pholaitiúil chomhroinnte an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Laistigh den chreat sin, cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil sé d'aidhm aige 30 % ar a laghad de na cistí atá le fáil ar iasacht sna margaí caipitil a thiomsú le haghaidh riachtanais NextGenerationEU trí bhannaí a eisiúint lena rannchuidítear le cuspóirí comhshaoil.

Comhaontaíonn na trí Institiúid a fhiosrú an bhféadfaí rialacha a thabhairt isteach lena mbunófar oibleagáidí tuairiscithe do na Ballstáit, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis ar fáil d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar an rannchuidiú le cuspóirí comhshaoil na gcistí a fhaightear ar iasacht sna margaí caipitil. Chun na críche sin, féachfaidh an Coimisiún le togra reachtach a dhéanamh chuige sin sa chéad ráithe de 2021.

## DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ LE hAGHAIDH RIALUITHE AGUS INIÚCHTAÍ ÉIFEACHTACHA

Meabhraítear do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún an gá atá le rialuithe agus iniúchtaí éifeachtacha a áirithiú chun cistiú dúbailte a sheachaint agus chun calaois, éilliú agus coinbhleacht leasanna a chosc, a bhrath agus a cheartú i ndáil leis na bearta a fhaigheann tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Measann an dá institiúid go bhfuil sé bunriachtanach go mbaileodh agus go dtaifeadfadh na Ballstáit sonraí maidir le faighteoirí agus tairbhithe deiridh chistiú an Aontais i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach agus idir-inoibritheach agus go mbainfidís úsáid as uirlis aonair mianadóireachta sonraí atá le soláthar ag an gCoimisiún.

**DEARBHÚ BREISE ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE BAILIÚ SONRAÍ LE hAGHAIDH RIALUITHE AGUS INIÚCHTAÍ ÉIFEACHTACHA**

Meabhraítear don Choimisiún Eorpach an dearbhú aontaobhach a rinne sé maidir leis an ábhar seo faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna, a bhfuil feidhm aige *mutatis mutandis* maidir le hAirteagal 22 de Rialachán na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta.

**DEARBHÚ ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LEIS AN MODHEOLAÍOCHT CHUN AN AERÁID A RIANÚ**

Chun comhsheasmhacht a áirithiú, measann an Coimisiún gur cheart modheolaíocht Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a ionchorprú i Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

**Ráiteas ó Mhálta**

Is díol sásaimh do Mhálta gur glacadh go foirmiúil an Rialachán maidir leis an tSaoráid Athléimneachta agus Téarnaimh (RRF). Mar sin féin, athdhearbhaíonn Málta na hábhair imní a cuireadh in iúl roimhe seo, eadhon i ndáil leis an modheolaíocht rianaithe aeráide agus i ndáil le castacht fhoriomlán na hionstraime. Maidir leis an modheolaíocht rianaithe aeráide, agus aird chuí á tabhairt ar an seasamh agus ar an ráiteas ón gCoimisiúin, is oth le Málta nár pléadh é sin sa Chomhairle, agus is oth leis freisin go sanntar comhéifeacht nialais d'infheistíochtaí sa bhonneagar bóithre. Meabhraítear do Mhálta, i bhfianaise a imthosca uathúla náisiúnta agus a acmhainneachta teoranta ó thaobh laghdú astaíochtaí, go bhfuil infheistíochtaí i mbonneagar bóithre níos éifeachtúla, i gcomhar le leictriú feithiclí, ar cheann den bheagán deiseanna atá ag an tír sin leanúint de bheith ag tógáil ar chur chuige iomlánaíoch i leith an dícharbónaithe agus ar an dul chun cinn i dtreo na haeráidneodrachta. Is iad na himthosca náisiúnta céanna sin an phríomhchúis le heaspa iarnród chomh maith. Dá bhrí sin, cuireann Málta i bhfios go láidir gur cheart comhaontú maidir leis an RRF a bheith gan dochar i ngach slí don phlé atá ar na bacáin maidir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

Is oth le Málta freisin gur forbraíodh an RRF ina ionstraim atá i bhfad níos casta ná mar a bhí beartaithe ar dtús, lena n-áirítear an iliomad coinníollacha agus oibleagáidí tuairiscithe ar gá cloí leo le rochtain a fháil air. I ndáil leis sin agus go háirithe i dtéarmaí Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a fhoirmliú agus a mheasúnú, meabhraítear do Mhálta a thábhachtaí atá sé go gcoinneodh an Coimisiún cur chuige réalaíoch pragmatach, mar a fógraíodh roimhe seo.